

**Feidhm: Ag ainmniú ball éagsúil den chorp**

**Bileog 11.1**

- Scaip **Bileog 11.1** ar an rang. Abair leo liosta a dhéanamh de na baill den chorp ar fad atá ar eolas acu. Beidh stór focal nua a bhaineann leis an chorp inmheánach ag teastáil uathu, chomh maith le dul siar ar an stór focal i leibhéal A2.

**Freagraí:**

*Gualainn/guaillí*

*Leiceann/pluc*

*Ucht (brollach)*

*Caol na láimhe*

*Más/leis*

*Mala/malaí*

*Na duáin*

*An croí*

*Com*

*Muineál*


*Uillinn*

*Cromán/corróg*

*Fabhra/fabhraí*

*Na scamhóga*

*An t-ae*

-  Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin le plé a dhéanamh ar bhrí logainmneacha ina dteanga dhúchais féin.
- Abair le gach beirt plé a dhéanamh le chéile ar na logainmneacha agus an ball den chorp a luaitear iontu a aimsiú.
- Míngigh dóibh ansin go gcaithfidh siad an leagan Béarla ceart do na logainmneacha a fháil ón liosta ar dheis.
- Logainmneacha:

*Tóin le Gaoith -*

*Tonlegee, Dublin -*

*Back side to the wind*

*Ceann Sléibhe -*

*Slea Head, Kerry -*

*Head of the mountain*

*Droimín -*

*Drimeen, Leitrim -*

*Small back*

*Béal na mBláth -*

*Béal na Bláth, Cork -*

*Mouth of flowers*

*Lios na Súil mBuí -*

*Lisnasoolmoy, Tipperary-*

*Fairy fort of yellow eyes*

*Ucht a' Mháma -*

*Oughtmame Burn, Tyrone -*

*Breast (sheltered) pass*

*Cnocán na nGlún -*

*Knockaunagloon, Waterford -*

*Small hill of knees*

*Coill na Gualainne -*

*Kilnagoolny, Offaly -*

*The shoulder forest*

- Léigh an leagan Gaeilge de dhán Chathail Uí Shearcaigh don rang agus ansin tabhair seans dóibh comparáid a dhéanamh iad féin idir an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla.
- Léigh fríd na ceisteanna faoin dán leo ansin agus abair leo plé a dhéanamh orthu.
- Déan plé ar na ceisteanna leis an rang iomlán tar éis tamaill.

**Feidhm: Ag fiafraí de dhuine/dhaoine cad é mar a bhraitheann siad agus ag freagairt na ceiste sin**  
**Ag rá cad atá cearr le duine**

### Bileog 11.2 agus Bileog 11.3

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 11.2** orthu. Tabhair seans do gach beirt smaoineamh ar na bealaí éagsúla le cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin – go dearfach agus go diúltach.

Tá mé ag mothú i  
gceart arís!  
Tá mé go breá!  
Tá biseach orm!  
Níl cailleadh orm!  
Braithim i bhfad níos  
fearr!  
Tá mé ag teacht  
chugam féin!

Níl mé rómhaith!  
Tá drochdhóigh orm!  
Braithim go hainnis!  
Mothaím go holc!  
Tá mé trína chéile!  
Tá pian uafásach i mo  
bholg!  
Tá mé in ísle brí!

- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad na focail ar chlé a cheangal leis na focail ar dheis agus go mbaineann na focail le tinneas agus galair.

#### Freagraí:

1	c
2	g
3	i
4	f
5	a
6	h
7	d
8	b
9	e

- Cuir ceist ar an rang an bhfuil slí ar bith eile ar eolas acu le ‘*obráid*’ a rá as Gaeilge. Múin ‘*ag dul faoi scian*’ dóibh ansin.
- Abair leo go mbeidh siad ag éisteacht le Siobhán Mhic Gearailt ag déanamh cur síos ar shláinte a tuismitheoirí.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.



#### Máthair:

mo mháthair  
do mháthair  
a mháthair  
a máthair  
ár máithreacha  
bhur máithreacha  
a máithreacha

#### Athair:

m’athair  
d’athair  
a athair  
a hathair  
ár n-aithreacha  
bhur n-aithreacha  
a n-aithreacha

- Scaip **Bileog 11.3** ar an rang agus abair le gach beirt na briathra atá le feiceáil sna pictiúir a phlé le chéile.
- Téigh tú féin siar ar na briathra ar fad sa phictiúr.

*Bris, leon (leonaigh), téigh trí thine, buail isteach i rud, sleamhnaigh, tit, téigh go tóin poill, tit i laige, gortaigh, troid, buail.*

- Tabhair seans dóibh labhairt le chéile faoi thimpiste nó breoiteacht a tharla ina saol pearsanta féin.
- Bí thusa thart le cuidiú leo le stór focal ar bith a bheadh a dhíobháil orthu.
- Nuair atá píosa maith cainte déanta acu iarr ar chúpla duine sa rang cur síos a dhéanamh duit os comhair an ranga.
- Ceartaigh botún ar bith más gá.
- Abair leis an rang go mbeidh siad ag éisteacht le ceathrar cainteoirí ag déanamh cur síos ar thinneas. Caithfidh siad an oiread eolais agus is féidir a bhreacadh síos faoi na cainteoirí ar fad.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Pléigh an t-eolas atá faighte ag an rang ar fad agus aon fhocal nach raibh ar eolas acu.
- Cuir an téip ar siúl arís más gá.
- Tabhair seans dóibh ansin cárta a scríobh agus é a chur i gcomparáid le ceann an duine in aice leo.

**Feidhm: Ag labhairt faoi phleananna atá agat**

#### **Bileog 11.4**

- Míniú don rang gur sliocht é seo as blag atá ag bean as Nua Eabhrac ar an idirlíon.
- Abair leo go bhfuil sí ag caint faoi na rúin atá aice don bhliain úr, agus faoi na rudaí a rinne sí an bhliain seo caite lena saol a dhéanamh níos fearr.
- Ba cheart go mbeadh na focail sa bhosca ar eolas acu ach téigh siar orthu le bheith cinnte go dtuigeann gach duine iad.
- Bí cinnte chomh maith go bhfuil a fhios acu go gcaithfidh siad na focail chuí ón bhosca a chur sna bearnaí sa sliocht.
- Tabhair seans do gach beirt an t-alt a léamh le chéile agus na bearnaí a líonadh ansin.

#### **Freagraí:**

Bliain eile! 2008 chomh luath seo. Níl sé rófhada ó bhí mé ag smaoineamh ar mo rúin bliain ó shin... níos mó léitheoireachta, níos mó **aclaíochta**, níos mó bláthanna sa tigh, smacht a choimeád ar an méid ama a chaithim ag scuabadh na dtionta ar an ngréasán. **D'éirigh** go maith liom ar an iomlán leo. Anois go bhfuil orm smaoineamh ar 2008, rún amháin atá agam ná níos mó stuif a chaitheamh amach sa **bhruscar** - bím i gcónaí ag iarraidh an spás atá agam a choimeád níos folmha, agus is fuath **liom** nuair a bhíonn seilf nó seomra rólíonta. (**Ba mhaith** liom an rud céanna a dhéanamh le m'inchinn, an bruscar atá inti a chur ar leataobh agus gan fuinneamh a chur amú ar smaoine gan mórán céille, **beidh sé** seo i bhfad níos **deacra** ná an tigh a fholmhú mar is minic a bhím tógtha go mór le ceisteanna gan chiall). Tiocfaidh mé aníos le mo rúin go luath. Athbhliain **faoi mhaise** duit!

- Iarr ar dhaoine éagsúla abairtí a léamh amach os ard agus bí cinnte gur líon gach duine na bearnaí leis na focail chearta ón bhosca.
- Léigh na treoracha sa bhosca ag bun an leathanaigh leis an rang ar fad. Bí cinnte go bhfuil a fhios acu cad atá le déanamh acu – cur síos a dhéanamh dá chéile ar na rúin atá acu don bhliain úr.
- Sula gcuireann tú chun cainte iad déan druil leis an rang ag cleachtadh na struchtúr – *Tá mé chun/caithfidh mé/tá sé i gceist agam. . .*
- Scríobh an trí abairt sin ar an chlár dubh, ansin abair focal ar nós ‘bia sláintiúil’ le duine amháin, agus caithfidh an duine sin abairt a chumadh ag úsáid ceann amháin de na struchtúir ar an chlár dubh:

*Tá sé i gceist agam bia sláintiúil a ithe sa bhliain úr!*

- Tabhair seans do gach duine abairt mar sin a rá os ard.
- Cuir gach beirt le chéile anois le píosa cainte a dhéanamh faoi na pleananna atá acu don bhliain úr.
- Scríobh an comhrá samplach seo ar an chlár dubh mar threoir:
  - *Tá mé chun éirí as na toitíní sa bhliain nua!*
  - *Ní chaithim, buíochas le Dia, ach caithfidh mé níos mó torthaí agus glasraí a ithe.*
  - *Cinnte, mise freisin, agus tá sé i gceist agam níos mó aclaíochta a dhéanamh chomh maith.*

**Feidhm: Ag cur ceiste faoi phearsantacht duine  
Ag cur síos ar phearsantacht duine**

### **Bileog 11.5 agus 11.6**

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 11.5** orthu.
- Iarr orthu na ceisteanna 1-3 a dhéanamh le chéile.
- Bí cinnte go bhfuil na focail a dhéanann cur síos ar thréithe daoine ar eolas acu agus go bhfuil an fuaimniú ceart acu chomh maith.
- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad iad na haidiachtaí is fearr a dhéanann cur síos orthu féin agus ansin cuir ceist ar dhaoine eile cén saghas daoine iad na daoine in aice leo.
- Ansin tabhair seans do gach duine cúpla aidiacht a scríobh faoi na daoine cáiliúla - mar shampla:



**Hilary Clinton**

*Éirimiúil, lách,  
féinmhuiníneach agus ionraic*

- Nuair atá sé sin déanta acu beidh orthu ceisteanna a chur ar a chéile faoi na daoine cáiliúla ar fad.
- Tá na ceisteanna ag bun an leathanaigh ann chun cuidiú leo.
- Bí cinnte gur féidir le gach foghlaimoír abairtí iomlána a rá ar nós – *Is duine éirimiúil í Hilary Clinton, agus sílim go bhfuil sí féinmhuiníneach agus ionraic.*
- Cuir gach beirt ag obair le chéile. Scaip **Bileog 11.6** orthu.
- Mínigh dóibh go gcaithfidh siad na daoine sna pictiúir a cheangal leis na pointí eolais sna boscaí.

**Freagraí:**

Margaret Thatcher

Tréithe: cruachroíoch, géar, cliste

Rún amháin: níos mó cánach a ghearradh ar mhuintir a tíre



Barack Obama

Tréithe: éirimiúil, féinmhuiníneach, ardaidhmeannach.

Rún amháin: athrú mór polaitíochta a chur i bhfeidhm ina tír.



Brain Cowen

Tréithe: cliste, borb, greannmhar

Rún amháin: an Ghaeilge a chur chun cinn sa tír



Dustin

Tréithe: réchúiseach, géar, amaideach

Rún amháin: ceol ar son na tíre san Eoraip



Mary McAleese


Tréithe: lách, ionraic, foighneach

Rún amháin: an Ghaeilge a fhoghlaim



- Iarr ar dhaoine éagsúla a rá leat faoi na daoine thuas, agus cur leis na pointí eolais más féidir. Sampla:

*Margaret Thatcher – Is duine cruachróioch agus géar í. Tá sí cliste áfach. Bhí sé mar rún aici níos mó cánach a ghearradh ar a tír. Ceapaim féin gur príomh-aire maith a bhí inti.*

- Abair leo ansin go mbeidh siad ag éisteacht le Ciara ag cúlchaint faoi dhaoine a bhfuil aithne aici orthu.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó.
- Míniú d'fhocail go bhfuil focail ann nach bhfuil ar eolas acu ach iarracht a dhéanamh iad a aithint.
- Iarr ar dhaoine éagsúla insint duit cad a bhí le rá ag Ciara faoi na daoine éagsúla.
- Déan plé ar an stór focal úr leo agus bí cinnte go bhfuil an litriú ceart acu.
-  Seans atá anseo do na foghlaimoirí machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhfoghlaimíonn siad stór focal nua. Pléigh an cheist leis an rang iomlán.

**Feidhm: Ag cur mothúcháin in iúl  
Ag cur agus ag freagairt ceisteanna faoi mhothúcháin**

### **Bileog 11.7 agus Bileog 11.8**

- Cuir gach triúr ag obair le chéile agus scaip **Bileog 11.7** orthu.
- Bí cinnte go dtuigeann siad gach mothúchán atá ag barr na bileoige agus déan plé ar fhocail eile a bheadh acu.
- Bíonn mothúcháin **ar** dhaoine de ghnáth – *orm, ort, air, uirthi, orainn, oraibh, orthu*.
- Iarr ar gach beirt na bearnaí sna habairtí a líonadh.

#### ***Freagraí***

1. *Bhí mé an-sásta faoi/leis sin.*
  2. *Tá eagla an domhain orm roimh an múinteoir nua.*
  3. *Nuair a chuala mé cad a rinne sé bhí fearg orm leis.*
  4. *Tá an-amhras orm faoi theacht na stoirme.*
  5. *Bhí mé an-bhródúil as m'iníon nuair a bhí sí ag canadh.*
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
  - Ansin iarr ar gach beirt labhairt le chéile arís agus plé a dhéanamh ar na mothúcháin éagsúla atá acu inniu de bharr eachtraí éagsúla.
  - Éist le gach duine sa rang ag soláthar ar a laghad abairt amháin duit faoi na mothúcháin atá acu inniu. Mar shampla:

*Ní raibh mé gafa i dtrácht inniu agus tá lúcháir orm faoi sin.*

- Mínigh dóibh go mbeidh siad ag cur agus ag freagairt ceisteanna faoi mhothúcháin bunaithe ar phictiúir dhifriúla.
- Bíodh na cártaí ar **Bhileog 11.8** gearrtha agat agus curtha i gclúdaigh litreach roimh an rang.
- Bíodh clúdach litreach amháin idir gach beirt.
- Caithfidh siad na treoracha ar an mbileog a leanúint chun ceisteanna agus freagraí a chumadh faoi na pictiúir.
- Abair leo chomh maith gur gníomhaíocht scaoilte í agus gur cheart dóibh an oiread cainte agus is féidir leo a dhéanamh faoi na pictiúir.
- Iarr ar bheirteanna éagsúla a gcomhrá a dhéanamh os ard.
- Ceartaigh botún ar bith a chloiseann tú.